Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Aibreán 2020
(OR. en)

7216/20

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0058(COD)**

CODEC 255
SOC 199
EMPL 159
FSTR 26
CADREFIN 68
REGIO 50

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim COVID-19 **(an chéad léamh)**<br>– Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an gníomh reachtach<br>– Cinneadh maidir le maolú ón tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

1. An 2 Aibreán 2020, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 175(3) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus tá sé beartaithe aige freagra a thabhairt go luath.

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus tá sé beartaithe aige freagra a thabhairt go luath.

4. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ag an seisiún iomlánach a bheidh aici an 16-17 Aibreán 2020.

[1] 7163/20.

5. I bhfianaise na práinne a bhaineann leis na cúinsí eisceachtúla lena dtugtar bonn cirt leis na bearta atá beartaithe, ní fhéadfar an Rialachán a ghlacadh ach amháin tríd an nós imeachta i scríbhinn.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun:

– go nglacfar an dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim COVID-19, mar a leagtar amach é in PE- CONS 8/20[2]; agus

– go nglacfar, ar bhonn Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, an maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach.

---

2 beidh PE-CONS 8/20 ar fáil in am trátha.